wit 6pg dl 14/6/05 10:51 Page 1

Cúlra an Tionóil

Seo í an tríú bhliain do Chomhairle Contae Phort Láirge agus d'Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge teacht le chéile chun cultúr gaelach na nDéise a cheiliúradh.

Ócáid bhliantúil í seo a dheineann ceiliúradh poiblí ar chultúr, ar oidhreacht agus ar Ghaeilge Chontae Phort Láirge. Díríonn an Tionól ar théama difriúil gach bliain, agus tá sé á fhorbairt mar ócáid fhiúntach, spéisiúil le suim ann, ní hamháin i measc muintir na nDéise, ach i measc pobal na tíre i gcoitinne.

Waterford County Council

Comhairle Contae Phort Láirge

Waterford Institute of Technology

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Na hAoichainteoirí

An Dr. Aoibheann Nic Dhonnchadha

I nDúrlas Éile, Co. Thiobraid Árann, a rugadh Aoibheann. Ollamh cúnta is ea í i Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath, mar a mbíonn sí ag déanamh taighde ar lámhscríbhinní leighis na Gaeilge. Iar-mhacléinn de chuid Scoil na Leanbh, Coláiste na Rinne is ea í, agus is í Comheagarthóir Fhochoiste Leabharlainne Choláiste na Rinne inniu í. I bpáirt leis an Ollamh Pádraig Ó Macháin, cuireann sí eagar ar`An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise', iris bhliantúil a bhfoilseofar an naoú imleabhar di i bhfómhar na bliana 2005.

An Dr. Diarmuid Ó hAirt

De bhunadh Chloch na Coillte, Co Chorcaí, dhein Diarmuid tráchtas PhD ag baint le foclóireacht na nDéise i gColáiste na Tríonóide. Chaith sé blianta ag obair leis an Roinn Poist agus Teileagrafa sular thosnaigh sé ag obair mar eagarthóir in Acadamh Ríoga na hÉireann ar fhoireann an mhórfhoclóra stairiúil *Foclóir na NuaGhaeilge.* Tá roinnt mhaith obair thaighde agus eagrúcháin déanta aige ar shaothar an Athair Phiarais de hIndeberg atá le fáil i Leabharlann Choláiste na Rinne.

Pádraig Ó hAoláin

Rugadh agus tógadh Pádraig i gCloch Shiúrdáin, Co. Thiobraid Árann. Bhain sé céim B.A. agus Ardteastas in Oideachas amach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus céim sa Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chaith sé seal beag ag múineadh agus mar chomhairleoir teanga le Gael Linn. Tá sé ag saothrú sa Ghaeltacht le Gaeltarra Éireann agus le hÚdarás na Gaeltachta ó lár na seachtóidí i leith. Tá sé ina chathaoirleach ar an nGaelacadamh agus ceapadh é ina Phríomfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta le déanaí.

An tAthair Uinseann Ó Maidín

Rugadh an t-Athair Uinseann i gCathair Luimní agus thagfadh sé féin agus a mhuintir ar laethanta saoire go dtí an Rinn ó 1933 go dtí 1944, áit a fhreastal sé ar an scoil náisiúnta áitiúil agus ar chúrsaí samhraidh Choláiste na Rinne. Chuaigh sé isteach i Mainistir Mheilearaí i 1949 agus chaith sé tréimhse mar Rúnaí ar Ord na Cistéirsigh sa Róimh. Tá sé bainteach le reachtáil an Chúrsa Spioradálta i Meilearaí ó 1960 i leith.

John Walsh, Fiontar DCU

Tá John Walsh ag críochnú PhD in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) faoin nGaeilge agus forbairt shoch-eacnamaíoch na hÉireann. Is léachtóir é le Gaeilge Fheidhmeach le FIONTAR, an t-aonad lán-Ghaeilge don oideachas fiontraíochta san ollscoil chéanna. Tá MA sa Chaidreamh Idirnáisiúnta agus BA sa Ghaeilge agus sa Bhreatnais aige. Chaith sé blianta ina iriseoir le RTÉ agus TnaG, mar a bhí. Bronnadh ceann de dhuaiseanna liteartha Oireachtas na Gaeilge ar leabhar dá chuid, *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926* (Cois Life, 2002).

Bertie Ó hAinmhire, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Is Príomhoifigeach é Bertie Ó hAinmhire sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta sna Forbacha, Gaillimh, ag plé le cúrsaí Gaeltachta le os cionn deich mbliana anois. Roimhe sin chaith sé seacht mbliain déag sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, i mBaile Átha Cliath agus thar lear. As Roscomáin do Bhertie ó dhúchas agus tá sé pósta le Gillian, le triúr ghasúir acu.

Comhairle Contae Phort Láirge
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Tionól an tSamhraidh

8ú-10ú Iúil 2005
Dún Garbhán,
Co. Phort Láirge

"Coláiste na Rinne:
Saothar, Spiorad & Oidhreacht"

Friday-Sunday
8th-10th July 2005
Dungarvan, Co. Waterford

Waterford Institute of Technology
Waterford County Council

wit 6pg dl 14/6/05 10:51 Page 2

CLÁR AN TIONÓIL

Dé hAoine, 8ú Iúil

Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Phort Láirge, Dún Garbhán

7.00i.n. **Clárú/Registration**

7.30i.n. **Oscailt Oifigiúil an Tionóil**
le
Aonghus Ó hEocha,
Cathaoirleach, Coláiste na Rinne

8.00i.n. **An tAire Éamon Ó Cuív, TD**
"An Ghaeilge: Leathchéad bliain ó Inniu"

9.00i.n. **Fáiltiú**
Amhráin, Rince agus Ceol

Dé Sathairn, 9ú Iúil

Halla Éisteachta, Coláiste na Rinne, An Rinn

9.30r.n. **(i) An Dr. Aoibheann Nic Dhonnchadha, Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath**
"Leabharlann Choláiste na Rinne: 1905-2005"
agus

(ii) An Dr. Diarmuid Ó hAirt
"Mo Ghrá-sa thall na Déise"
Coláiste na Rinne

Chun clárú nó chun breis eolais a fháil glaoigh ar:
For Registration or further information please call:
Máire Seosaimhín Breathnach ag (058) 20884.

Dé Sathairn, 9ú Iúil ar lean.

10.45r.n. **Briseadh Tae & Caifé**

11.15r.n. **(i) Pádraig Ó hAoláin, PF, Údarás na Gaeltachta**
"Coláiste na Rinne agus Gaeltacht 3005 – Comóradh nó Ceiliúradh?"
agus

(ii) An tAth. Uinseann, Mainistir Mheilearaí
"Ar Bhóithrín na Smaointe: Mise agus An Rinn"
Coláiste na Rinne

12.30i.n. **Briseadh Lóin i Halla Pobail na Rinne**

2.00i.n. **An Dr. de hIndeberg & *An Gobán Saor***
Mír Drámaíochta & Tráchtaireachta le Seán Ó Morónaigh, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus a chairde
Coláiste na Rinne

2.30i.n. **(i) John Walsh, Fiontar DCU**
"Ó Heilbhic go Helsincí: Gaeltacht Phort Láirge i gcomhthéacs idirnaisiúnta teanga"
agus

(ii) Bertie Ó hAinmhire, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
"Na Coláistí Gaeilge - Samhradh sa Ghaeltacht, Spórt agus Spraoi?"
Coláiste na Rinne

3.30i.n. **Plenary Session/Fóram Ginearálta le haoichainteoirí an Tionóil**
Coláiste na Rinne

Beidh cuairteanna ar Leabharlann an Choláiste leis An Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha ar siúl i rith an lae.

Dé Sathairn, 9ú Iúil ar lean.

8.00 i.n. **Coirmcheoil i Meánscoil San Nioclás, Rinn Ó gCuanach**
Ceoltóirí & Amhránaithe ó chian is ó chóngar.
Concert in Meánscoil San Nioclás, An Rinn.

Dé Sathairn 9ú Iúil

Beidh taispeántais maidir leis an gColáiste i Halla Pobail na Rinne i rith an lae.
Delegates will have the opportunity to view an Exhibition relating to Coláiste na Rinne in Halla Pobail na Rinne.

Beidh taispeántas ealaíona i gcomóradh an Choláiste ar siúl i nDánlann Joan Clancy, taobh leis an gColáiste.
Delegates are also welcome to visit an exhibition on the theme of Coláiste na Rinne in An Dánlann, Joan Clancy's Art Gallery next to the Coláiste on Saturday.

Dé Domhnaigh, 10ú Iúil

11.30r.n. **Aifreann i Rinn Ó gCuanach**
le Cór na Rinne

12.30 i.n. **Clabhsúr – Halla Pobail na Rinne**
Official Ending of Tionól 2005
agus

Camchuairteanna thimpeall Choláiste na Rinne le Bainisteoir an Choláiste, Liam Suipéil ag tosnú ar a 1.00i.n.